



Téama: Seabhaic agus Colúir - Coinbhleacht

Roinn 2: Costas na coinbhleachta don duine daonna

Nuair a ghéaraítear ar choinbhleacht ionas go dtosaíonn foréigean, tarlaíonn sé amanna go mbíonn dearcadh ‘dubh agus bán’ ag daoine ar an scéal, ag brath ar a gcreidiúint faoi cad is ‘maith’ agus ‘olc’ ann. Cén fáth go bhfuil an cur chuige déthaobhach seo neamhábhartha anois a bheag nó a mhór dár dtuiscint ar an taobh daonna den choinbhleacht agus a chasta atá sé?

Torthaí foghlama na roinne seo

Beidh na daltaí ábalta:

- An ghné eiticíúil de choinbhleacht a thuiscint
- Anailís a dhéanamh ar an gcatagóiríú agus ar an simpliú a dhéantar le linn coinbhleachta agus ar na himpleachtaí atá acu i sochaithe
- A thuiscint conas mar a dhéantar neamhaird go pointí éagsúla ar an ngné dhaonna agus ar chearta an duine le linn coinbhleachtaí foréigneacha

Foinsí atá curtha ar fáil

Acmhainn 3: Póstaeir, léaráidí

Acmhainn 4: Grianghraif, cuntais ghairide

Acmhainn 5: Sleachta scríofa, earraí, saothar ealaíne

Acmhainn 6: Sleachta scríofa ón litríocht do leanaí

Gníomhaíocht ghrúpa (tabhair 10 nóiméad) Naimhde agus comhghuaillithe (tabhair 10 nóiméad)

Iarr ar na daltaí cuimhneamh ar shamplaí de naimhde agus de chomhghuaillithe ón lá atá inniu ann agus ón am atá caite. Roinn ina ngrúpaí beaga iad agus iarr orthu féachaint ar na póstaeir bholscaireachta atá in Acmhainn 3 (agus/nó aon ábhar físiúil nó scríofa a thaispeánann an caidreamh idir namhaid/comhghuaillí, ar mhaith leat a úsáid) agus anailís a dhéanamh orthu ag baint úsáid as na ceisteanna seo a leanas:

- Cén namhaid a thaispeántar anseo? Cén tionchar atáthar ag iarraidh a chruthú anseo? Cé chomh suaithinseach agus a bhí an íomhá seo do dhaoine ag an am, agus cén fáth? Cad a léiríonn sé faoi chomhthéacs polaitiúil na linne?
- Conas a léirítear an comhghuaillí anseo? Cén tionchar atáthar ag iarraidh a chruthú anseo? Cé chomh suaithinseach agus a bhí an íomhá seo do dhaoine ag an am, agus cén fáth? Cad a thaispeánann sé mar gheall ar chomhthéacs polaitiúil na linne?

B'fhéidir gur mhaith leat críoch a chur leis an ngníomhaíocht seo trí na daltaí a spreagadh chun machnamh agus plé a dhéanamh ar an tslí a léirítear íomhánna de naimhde agus de chomhghuaillithe sa lá atá inniu ann. Cé air atá siad dírithe agus cad iad na meáin a úsáidtear na laethanta seo? Is féidir an íomhá dheireanach in Acmhainn 3 (feachtas pháirtí polaitíochta UDC na hEilvéise) nó samplaí eile a úsáid mar thaca don phlé.



ÁRAS STAIR NA HEORPA

Gníomhaíocht ghrúpa 2: Íospartaigh (Tabhair 20 nóiméad)

Sa ghníomhaíocht seo aithneoidh na daltaí grúpaí éagsúla d'íospartaigh sa Dara Cogadh Domhanda. Tuigfidh siad mar a chuaigh an cogadh i bhfeidhm ar gach cearn den Eoraip i slite a bhí éagsúil ach fós tragóideach, tabharfaidh sé seo dearcadh níos leithne dóibh ar an gcogadh mar choinbheacht a bhí ilghnéitheach agus trasnáisiúnta.

Mar phointe tosaigh, tabhair sainmhíniú gonta do na daltaí ar cad is 'íospartach' ann (féach *Sainmhínithe*). Roinn an rang ina ghrúpaí beaga, agus tabhair amach íomhánna agus sleachta gearra Acmhainn 4, gach ceann ar a bhileog féin, do gach grúpa, agus iarr orthu na híomhánna agus na cuntais a chur i bpéirí. Le linn plé ranga, déan na torthaí a chomhroinnt agus iarr ar na daltaí féachaint arís ar an sainmhíniú ar 'íospartach' a tugadh dóibh ag an tús. Abair leo coincheap na híospartachta a cheistiú agus é a chur i gcomhthéacs níos leithne trí chatagóirí eile a thabhairt isteach amhail déantóir na coire, tarrhálaí, agus féachadóirí (féach *Sainmhínithe*). Pléigh leo an coincheap go bhfuil sé ar chumas gach duine cur in aghaidh ruda go himmheánach agus cumhacht a thola féin a fheidhmiú agus go bhféachfaí fós air mar íospartach.

Gníomhaíocht ghrúpa 3: Leanaí agus cogadh - Fulaingt agus braistintí (Tabhair 15 nóiméad)

Conas a dhéileálann leanaí atá sáite i gcoinbheacht lena bhfuil ar siúl timpeall orthu? Is é is mó a imríonn tionchar ar leanaí ná an eagla, an fhulaingt agus an scrios a thugann coinbheacht fhoréigneach léi. Ach tá siad leochaileach agus níl ar a gcumas tuiscint a bheith acu ar cén fáth go bhfuil cogadh á chur agus cé hé an namhaid agus cén fáth. Sa ghníomhaíocht seo déanfaidh na daltaí anailís ar acmhainní físe agus scríofa a thaispeánann ar bhealaí éagsúla leochaileacht leanaí atá ag maireachtáil i gcomhthéacs cogaidh.

Roinn na daltaí i ngrúpaí beaga. Tabhair amach Acmhainn 5 do chuid de na grúpaí agus Acmhainn 6 do na grúpaí eile. Iarr orthu anailís a dhéanamh ar a dtacar acmhainní féin ag baint úsáid as na ceisteanna seo a leanas (atá san Acmhainn freisin) agus freagraí a ullmhú mar ghrúpa:

Acmhainn 5:

- Cad a léiríonn an sliocht téacs?
- Mínigh in abairt amháin brí agus teachtaireacht gach réada.
- Cén nasc nó naisc ar féidir leatsa a dhéanamh amach idir na ceithre eilimint – an sliocht téacs agus an dá réad?

Acmhainn 6:

- Cé acu coinbheacht a phléitear i ngach sliocht?
- Cén cur síos a dhéanfaí ar an gcineál teanga a úsáidtear?
- Cad iad na difríochtaí agus na cosúlachtaí idir na téacsanna éagsúla?

Eagraigh plé ranga ina gcuireann na grúpaí a d'oibrigh ar Acmhainn 5 a bhfreagraí i láthair na ngrúpaí a d'oibrigh ar Acmhainn 6 agus iarr orthu a n-aiseolas a thabhairt agus vice versa. Mar thoradh ar an bplé sin iarr orthu liosta a dhéanamh de na cúiseanna atá le leochaileacht leanaí agus mar a léirítear í i gcomhthéacs cogaidh. Iarr orthu a gcuid freagraí a scríobh síos ar an gclár dubh nó bán de réir mar a théann an plé ar aghaidh.